**RABHADH**
**Freagair gach ceist sna spásanna atá ann dóibh ar an bpáipéar seo.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo.

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2012**

**STAIDÉAR IMSHAOIL AGUS SÓISIALTA**

**ARDLEIBHÉAL**

**DÉ hAOINE, 8 MEITHEAMH – MAIDIN 9.30 – 11.30**

**Treoracha d'iarrthóirí:**

Freagair **GACH CEANN de na CÚIG** Cheist laistigh

- Ceist 1 *ar na leathanaigh 2, 3, 4 agus 5*
  Freagair na codanna (A), (B) agus (C)
- Ceist 2 *ar na leathanaigh 6, 7, 8 agus 9*
  Freagair cuid (A) nó (B)
- Ceist 3 *ar na leathanaigh 10, 11, 12 agus 13*
  Freagair cuid (A). Ansin freagair cuid (B) nó (C)
- Ceist 4 *ar na leathanaigh 14 agus 15*
- Ceist 5 *ar leathanach 16*
  Déan deimhin de ar dtús go bhfuil an léarscáil agus an t-aerfótagraf agat. Freagair na ceisteanna go léir.

**Don Scrúdaitheoir amháin:**

| *Ceist* | **MARC** |
|---|---|
| **1** | |
| **2** | |
| **3** | |
| **4** | |
| **5** | |
| **IOMLÁN** | |
| **GRÁD** | |

## CEIST 1
## 24 marc

**Freagair GACH ceann de na TRÍ chuid – (A) agus (B) agus (C)**

**(A) CEISTEANNA ILROGHNACHA** **(12 mharc)**

**Freagair 12 de na ceisteanna seo a leanas. Cuir tic ( ✓ ) sa bhosca ceart i ngach cás.**

***Sampla:*** Is í an chathair is mó in Éirinn ná:

(a) Gaillimh ☐ (b) Béal Feirste ☐

(c) Baile Átha Cliath ☑ (d) Port Láirge ☐ (1)

*1.* Is duine é geolaí a oibríonn:

(a) le déantáin agus fothracha ☐ (b) le crainn ☐

(c) le músaeim ☐ (d) le carraigeacha ☐ (1)

*2.* Ag caint ar an Réabhlóid Thionsclaíoch, ciallaíonn ‘réabhlóid’:

(a) casadh timpeall go hiomlán ☐ (b) crainn a chur ☐

(c) treabhadh ☐ (d) cogadh ☐ (1)

*3.* Is iad na daoine a d’fhorbair bailte in Éirinn ar dtús ná:

(a) Normannaigh ☐ (b) Manaigh ☐

(c) Lochlannaigh ☐ (d) Ceiltigh ☐ (1)

*4.* Is í an abhainn is faide in Éirinn ná:

(a) An tSionainn ☐ (b) An Life ☐

(c) An Laoi ☐ (d) An Bhearú ☐ (1)

*5.* Ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, is í an tsiombail do stáisiún Gardaí ná:

(a) triantán dearg ☐ (b) carbhán ☐

(c) puball ☐ (d) réalta ghorm ☐ (1)

*6.* Is ionaid iad aerfoirt, stáisiúin traenach, stáisiúin bus agus teirminéil farantóireachta:

(a) d’airgeadas ☐ (b) d’iompar ☐

(c) do chaitheamh aimsire ☐ (d) d’oideachas ☐ (1)

*7.* Báisteach, sneachta agus clocha sneachta; is cineálacha iad ar fad:

(a) de dhigitiú ☐ (b) de thiúchan ☐

(c) de ghalú ☐ (d) de fhrasaíocht ☐ (1)

*8.* Is ionaid iad scoileanna, coláistí agus ollscoileanna:

(a) do chaitheamh aimsire ☐ (b) do thionsclaíocht ☐

(c) d'oideachas ☐ (d) d'airgeadas ☐ (1)



*9.* Taispeánann an pictiúr thuas an láthair is mó is díol spéise do thurasóirí in Éirinn. Is í sin:

(a) Aillte an Mhothair ☐ (b) Pluaiseanna na hAille Buí ☐

(c) Clochán an Aifir ☐ (d) Oileán an Bhulla ☐ (1)

*10.* Is é a bhíonn laistigh de limistéar tionsclaíoch den chuid is mó ná:

(a) oifigí agus siopaí ☐ (b) páirceanna ☐

(c) scoileanna ☐ (d) stáisiúin tástála ☐ (1)

*11.* Is cineál é *móta agus bábhún*:

(a) de dhamhsa searmanach ☐ (b) de phaidir Lochlannach ☐

(c) d'uirlis ceoil ☐ (d) de chaisleán Normannach ☐ (1)

*12.* Is é a thugtar ar ghluaiseacht daoine ó thír amháin go tír eile ná:

(a) lonnaíocht ☐ (b) lárú ☐

(c) imirce ☐ (d) dílárú ☐ (1)

*13.* Cé acu díobh seo a leanas atá mar *fhoinse thánaisteach*?

(a) dialann ☐ (b) leabhar staire ☐

(c) teastas breithe ☐ (d) litir ☐ (1)

*14.* Ciallaíonn uirbiú go bhfuil forbairt á déanamh:

(a) ar thalamh feirme ☐ (b) ar bhóithre ☐

(c) ar bhailte agus ar chathracha ☐ (d) ar pháirceanna ☐ (1)

**[ Thall**

**(B) MUINTIR AN tSEANSAOIL**

**AN tSEANRÓIMH, AN tSEANGHRÉIG, AN tSEANÉIGIPT NÓ DOMHAN NA nINCEACH**
**(6 mharc)**

I gcás ceann **AMHÁIN** de na sibhialtachtaí thuas, scríobh faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Saol agus trealamh saighdiúra

**NÓ**

(b) Tithe agus áiteanna cónaithe

**NÓ**

(c) Éadaí a chaith siad


**NÓ**

(d) Nósanna adhlactha agus sochraide

Is í an tsibhialtacht a scríobhfaidh mé fúithi ná ______________________________

(6)

## (C) AN TIMTHRIALL UISCE (6 mharc)




Taispeánann an léaráid seo an Timthriall Uisce.
Féach ar an léaráid agus freagair na ceisteanna thíos.

***1.*** Líon isteach na bearnaí.

Ag **A**, tá an ghrian ag soilsiú ar an bhfarraige agus is é sin is cúis le ______________________________

Ag **B**, tá an t-uisce ag comhdhlúthú agus ag déanamh scamall.

Ag **C**, ______________________________________________________________________ (2)

***2.*** Conas a thaispeánann an léaráid seo gur acmhainn ***inathnuaite*** é uisce?

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________ (2)

***3.*** Tabhair fáth **AMHÁIN** a bhfuil crainn agus plandaí tábhachtach sa chomhshaol.

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________ (2)


**[ Thall**

**CEIST 2**
**24 marc**

**Freagair cuid (A) nó (B)**

**(A) PLANDÁIL IN ÉIRINN SA 17ú hAOIS** **(24 marc)**

**Foinse A** Déan staidéar ar an léarscáil agus ansin freagair na ceisteanna thíos.




*1.* Ainmnigh contae **AMHÁIN** i gCúige Uladh a plandáladh. ______________________________ (1)

*2.* Ainmnigh contae **AMHÁIN** i gCúige Uladh nár plandáladh. ____________________________ (2)

*3.* Tabhair cúis **AMHÁIN** ar plandáladh Cúige Uladh.

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________ (2)

**Foinse B**

Léigh an sliocht seo a leanas as suirbhé ar ghealltóirí agus ansin freagair na ceisteanna ina thíos.

Tá Iarla Abercorn, atá ina ghealltóir do sciartha an tSratha Bháin, Donnalong agus.....Skean atá sannta do Sir Thom Boide [4,500 acra san iomlán], i ndiaidh na sciartha seo a phlandáil le beagnach céad sealbhóir tí atá lonnaithe … lena stoc Eallaigh ansin, agus den chuid is mó tá dóthain arm acu…Tá líon na n-eastát i saorsheilbh agus ar léas níos mó, … ná an líon is gá de réir airteagal [na plandála]. Tá teach mór ceann tuí tógtha aige thart ar chúirt chearnógach ag an tSrath Bán dá úsáid féin anois…
Níl ag George Hamilton (neamhláithrí) ach 8 nó 9 de thionóntaí ar an sciar atá aigesean [1,000 acra], seachas sin níl dada déanta air.
Tá teach agus bábhún maith go leor ag James Claphoune a fuair sé agus iad tógtha cheana féin ag Newtown laistigh dá sciar féin [2,000 acra] agus tá an talamh tugtha dá cheathrar mac aige. Níl thar leath a chuid tionóntaí ar an talamh fós, tá sé ar intinn aige an chuid eile a sholáthar…
Níl aon tionónta ar sciar James Haige [1,500 acra] fós, níl aon rud tógtha air agus tá sé féin as láthair.

***4.*** Cén mhéid a bhí san eastát ba mhó?______________________________ (1)

***5.*** Cén mhéid a bhí san eastát ba lú? ______________________________ (1)

***6.*** Cé acu de na gealltóirí a raibh níos mó tionóntaí aige ná a theastaigh de réir na gcoinníollacha?

______________________________ (1)

***7.*** Ag úsáid an tsleachta ar an leathanach roimhe seo, cé acu fear a dtabharfá 'neamhláithrí' air?

______________________________

______________________________ (2)

***8.*** Cén fáth ar iarradh ar na lonnaitheoirí airm a thabhairt leo?

______________________________

______________________________ (2)

***9.*** Ag úsáid an tsleachta ar an leathanach roimhe seo, luaigh **DHÁ** ghné a bhain le tithe a tógadh le linn an ama seo.

a. ______________________________

b. ______________________________ (2)

***10.*** Ag úsáid an tsleachta ar an leathanach roimhe seo, cén tuiscint atá agat ar na téarmaí seo a leanas?

Gealltóir: ______________________________

______________________________

Léas: ______________________________

______________________________

Neamhláithrí: ______________________________

______________________________ (6)

***11.*** Tabhair **DHÁ** thionchar a bhí ag Plandáil Uladh.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ (4)

**[ Thall**

**NÓ**

## (B) AN BHRASAÍL SA 20ú hAOIS (24 marc)

**Léigh an t-eolas thíos agus freagair na ceisteanna a leanann é.**




*Fótagraf cóipcheart Rhett A. Butler* www.mongabay.com

***Foraois bháistí de chuid na hAmasóine atá glanta ag lománaithe***



***Plandáil chaife i gcathair São João do Manhuaçu - Stát Minas Gerais State – an Bhrasaíl***

*Thóg Fernando Rebêlo an fótagraf seo i mí Eanáir 2004.*

**Is fótagraf de phlandáil chaife sa Bhrasaíl atá thuas. Tá an phlandáil déanta in áit a raibh cuid d'fhoraois bháistí na Brasaíle uair amháin.**

*1.* Seachas le talamh a ghlanadh d'fheirmeoireacht, tabhair **DHÁ** chúis le dífhoraoisiú sa Bhrasaíl.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (4)

*2.* Nuair a tharlaíonn dífhoraoisiú, cad a tharlaíonn do na daoine a chónaíodh san fhoraois bháistí?

______________________________________________

______________________________________________ (4)

*3.* Tabhair **DHÁ** shampla de thosca **tarraingthe** a d'fhéadfadh daoine díláithrithe a spreagadh chun dul chuig na cathracha sa Bhrasaíl.

______________________________________________

______________________________________________ (4)

***4.*** Tabhair **DHÁ** shampla de thosca **brú** a d'fhéadfadh daoine díláithrithe a spreagadh chun dul chuig na cathracha sa Bhrasaíl.

________________________________________

________________________________________ (4)



***Fótagraf: Rebecca Bachmann***



***Fótagraf: AnaMaria Leon (ó Flickr)***

***5.*** Tógadh an dá fhótagraf thuas laistigh de **favela**. Déan cur síos ar an gcaoi a bhfuil an saol in **favela**. *(Leideanna: coiriúlacht, sábháilteacht, cumhacht, soláthar uisce, tithíocht, pobal, oideachas).*


________________________________________ (8)

# CEIST 3

**24 marc**

**Freagair cuid (A), agus ansin freagair cuid (B) nó (C)**

**(A) AN RÉABHLÓID THIONSCLAÍOCH** **(12 mharc)**
















Ag úsáid na bpictiúr agus na líníochtaí ar an leathanach roimhe seo chun cabhrú leat, scríobh an méid agus is féidir leat faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

- Feabhsúcháin san iompar san 18ú agus 19ú haois
- Feabhsúcháin i gcúrsaí leighis san 18ú agus 19ú haois

Scríobhfaidh mé faoi fheabhsúcháin i (san) ______________________________

______________________________ (6)


Tabhair **DHÁ CHÚIS AR A LAGHAD** leis an bhfás mór ar dhaonra na gcathracha san 18ú agus 19ú haois

______________________________ (6)



**[Thall**

**(B) AN CHÉAD CHOGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**




**Is tanc Briotanach Mark-Vstar atá anseo. Bhí an tanc ar cheann de mhórán arm nua a úsáideadh den chéad uair sa Chéad Chogadh Domhanda.**

***1.*** Tabhair buntáiste **AMHÁIN** agus míbhuntáiste **AMHÁIN** a bhain leis na tancanna luatha.

Buntáiste: ______________________________________________

Míbhuntáiste: ____________________________________________ (2)

***2.*** Ainmnigh **DHÁ** arm eile a úsáideadh den chéad uair sa Chéad Chogadh Domhanda.

______________________ agus ______________________ (4)

***3.*** Scríobh alt gearr faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) An Lusitania á chur faoi uisce;
(b) Na cúiseanna a bhí leis an gCéad Chogadh Domhanda;
(c) An saol sna Trinsí;
(d) Suaitheadh catha.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (6)

**NÓ**

**(C) AN DARA COGADH DOMHANDA** **(12 mharc)**





Collection of London Transport Museum

**Le linn an Dara Cogadh Domhanda, bhuamáil Luftwaffe (aerfhórsa) na Gearmáine Londain. Tugadh an Blitz air seo. Théadh daoine ar foscadh le linn na buamála in ionaid dídine a rinne siad féin sa bhaile nó sna stáisiúin Faoi Thalamh.**

*1.* Is ainm é 'Blitz' a thagann ón bhfocal Gearmáinise 'Blitzkrieg'. Cad ba chiall le Blitzkrieg?

________________________________________ (2)

*2.* Cén fáth a raibh stáisiúin Faoi Thalamh go maith mar áiteanna chun fanacht le linn na buamála?

________________________________________

________________________________________ (2)

*3.* Ainmnigh cineál **AMHÁIN** eitleáin a d'úsáid ceachtar den dá thaobh sa Dara Cogadh Domhanda.

________________________________________ (2)

*4.* Scríobh alt gearr faoi cheann **AMHÁIN** díobh seo a leanas:

(a) Buamáil Hiroshima;
(b) Arm na Talún;
(c) Na Campaí Géibhinn;
(d) Ciondáil.

________________________________________ (6)

**[ Thall**

# CEIST 4

**24 marc**

**ÉAGOTHROIME AN DOMHAIN – IONCHAS SAOIL AGUS SLÁINTE** **(24 marc)**

Déan staidéar ar na táblaí eolais agus freagair na ceisteanna ina ndiaidh.

**(figiúirí ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte, 2009)**

| Tír | Ionchas saoil nuair a bheirtear iad Fireannaigh | Ionchas saoil nuair a bheirtear iad Baineannaigh |
|---|---|---|
| **An Bhurúin** | 49 bliain | 51 bliain |
| **An Aetóip** | 53 bliain | 56 bliain |
| **An Fhrainc** | 78 bliain | 85 bliain |
| **An India** | 63 bliain | 66 bliain |
| **Éire** | 77 bliain | 82 bliain |
| **An Iorua** | 79 bliain | 83 bliain |
| **An tSiombáib** | 47 bliain | 50 bliain |

| Tír | Dochtúirí (in aghaidh gach 10000 duine) | Leapacha Ospidéil (in aghaidh gach 10000 duine) | Caiteachas bliantúil ar shláinte in aghaidh an duine (US$) |
|---|---|---|---|
| **An Bhurúin** | 0.3 | 7 | 20 |
| **An Aetóip** | 0.2 | 2 | 19 |
| **An Fhrainc** | 35 | 71 | 2922 |
| **An India** | 6 | 9 | 40 |
| **Éire** | 31.9 | 52 | 2920 |
| **An Iorua** | 40.8 | 35 | 4091 |
| **An tSiombáib** | 1.6 | 30 | Níl sé ar fáil |



*fótagraf: Public Domain / Dre007*



*fótagraf: Public Domain file / Jason Hutchens as Sydney, An Astráil*

***1.*** Cé acu tír (astu siúd atá liostaithe) a bhfuil an t-ionchas saoil is ísle d'fhireannaigh aici?

________________________________________________________________________ (3)

***2.*** Cé acu tír (astu siúd atá liostaithe) a bhfuil an t-ionchas saoil is ísle do bhaineannaigh aici?

________________________________________________________________________ (3)

***3.*** Cé acu tír ina bhfuil an bhearna is mó idir ionchas saoil na bhfireannach agus na mbaineannach ?

______________________________________________ (3)

***4.*** Cé acu tír a bhfuil an líon is mó leapacha ospidéil aici in aghaidh gach 10000 duine?

______________________________________________ (3)

*5*. Ag féachaint ar na tíortha Eorpacha (an Fhrainc, Éire, an Iorua), cé acu tír, dar leat, a fhaigheann an buntáiste is mó as an méid a chaitear ar shláinte in aghaidh na bliana? Mínigh do fhreagra.

______________________________________________ (6)

***6.*** Scríobh faoi **THRÍ** thoisc a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar ionchas saoil.

______________________________________________ (6)

**[ Thall**

# CEIST 5

**24 marc**

**Bí cinnte go bhfuil léarscáil agus fótagraf agat sula bhfreagraíonn tú na ceisteanna seo.**

Scrúdaigh léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis, 1 : 50,000 agus an t-aerfótagraf a thagann leis an bpáipéar seo. Ansin freagair na ceisteanna thíos.
Taispeántar Daingean Uí Chúis agus an ceantar ina thimpeall ar an léarscáil agus san fhótagraf.

***1.*** Ainmnigh an Bóthar Náisiúnta den Dara Grád a thaispeántar ar an léarscáil.

______________________________________________ (2)

***2.*** Tabhair ainmneacha **DHÁ** abhainn a thaispeántar ar an léarscáil.

____________________ agus ____________________ (2)

***3.*** Tabhair ainmneacha **DHÁ** loch a thaispeántar ar an léarscáil.

____________________ agus ____________________ (2)

***4.*** Tabhair ainm trá **AMHÁIN** a thaispeántar ar an léarscáil.

______________________________________________ (2)

***5.*** Ag féachaint ar na comhrianta in Q 50 06, cad iad na 'Srianta Feithicle' (Vehicle Restrictions)atá sa Chonair, dar leat?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (4)

***6.*** Tá an bhinn ar a dtugtar An Cnapán Mór (Q523 046) ag airde ____________________ méadar. (4)

***7.*** Cén fhianaise atá ann ón léarscáil agus ón bhfótagraf go bhfuil tóir ag turasóirí ar cheantar an Daingin mar cheann scríbe?

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ (8)